An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam á Athshamhlú

## Tuarascáil ar Sheimineár 1

Márta 2023

## An Clár Ábhar

**RÉAMHRÁ DO NA SEIMINEÁIR ATHSHAMHLAITHE CURACLAIM** ......................... 4

**COMHPHLÉ 1 OIDEACHAS SÓISIALTA AGUS IMSHAOIL – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ** ........................................................................ 5

**COMHPHLÉ 2: OIDEACHAS EALAÍON – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ** ........................................................................................................ 6

**CONCLÚID – AN COMHPHLÉ PAINÉIL** ............................................................ 8

**AGUISÍN 1: EAGRAÍOCHTAÍ LEASMHARA A D'FHREASTAIL AR AN SEIMINEÁR** .. 9

**AGUISÍN 2: SPREAGAITHISC AGUS PAINÉALAITHE** ............................................... 10

# Réamhrá do na Seimineáir Athshamhlaithe Curaclaim

Rinne an tAire Oideachais *Creatchuraclam na Bunscoile* a sheoladh do gach bunscoil agus scoil speisialta ar an 9ú Márta, 2023. Agus é ag cur le buanna na gcuraclam a bhí i bhfeidhm roimhe seo, is é a samhlaíodh leis an gcreat seo ná curaclam bunscoile athfhorbartha lena soláthrófaí neamhspleáchas agus solúbthacht do scoileanna, lena bhfreagrófaí do thosaíochtaí a bheadh ag teacht chun cinn ó thaobh foghlaim páistí de, lena n-athrófaí an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair, agus lena dtacófaí le héagsúlacht de chuir chuige oideolaíocha mar a mbeadh an measúnú lárnach don fhoghlaim agus teagasc. Beidh tionchar suntasach ag na paraiméadair seo, go háirithe na cinn sin a bhaineann le struchtúr agus cur i láthair an churaclaim, ar fhorbairt na sonraíochtaí do réimsí agus ábhair churaclaim, nithe ar tosaíodh a oibriú orthu cheana trí bhunú na meithle forbartha curaclaim. Chun tacú le forbairt na sonraíochtaí úra curaclaim, tá CNCM tar éis roinnt staidéar taighde a choimisiúnú agus bunófar sraith de sheimineáir Athshamhlaithe Curaclaim ar thorthaí na staidéar seo. Tabharfaidh na seimineáir seo deis do pháirtithe leasmhara machnamh a dhéanamh ar na príomhphointí a thagann chun cinn ón taighde, agus na pointí sin a phlé agus a scagadh ó dhearcthaí éagsúla.

Le *Creatchuraclam na Bunscoile*, déantar seacht bpríomhinniúlacht a leabú a chuimsíonn torthaí foghlama an pháiste ó na naíonáin bheaga go dtí rang a sé, lena ndírítear ar scileanna, eolas agus meonta, agus luachanna agus dearcthaí an pháiste a fhorbairt. Ar a bharr sin, athraíonn sé an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair.  Tá an creat struchtúrtha ina chúig réimse curaclaim leathana:

- Teanga
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).

Ar an rud is suntasaí, b’fhéidir, ó thaobh na seimineár Athshamhlaithe de, tá an soláthar a dhéantar sa chreat le haghaidh eispéireas foghlama comhtháite, agus réimsí curaclaim ann i gcéimeanna 1 agus 2 (Na Naíonáin Bheaga – Rang a Dó). Aithnítear leis na réimsí seo aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugtar níos mó rogha don mhúinteoir i dtaca le heispéiris foghlama shaibhre a ullmhú agus a éascú trí chuir chuige spraíúla tharraingteacha. Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt na bpáistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go dtí Rang a Sé) trí bheith ag forbairt ar réimsí curaclaim chéimeanna 1 agus 2 agus iad a dhéanamh níos idirdhealaithe ina n-ábhair chun an fheasacht atá ag teacht chun cinn i measc na bpáistí ar ábhair, mar bhealach chun an domhan a eagrú, a léiriú.

I Seimineár 1, ar an 22ú Márta, 2023, díríodh ar na réimsí curaclaim seo a leanas: Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair agus Tíreolaíocht) agus Oideachas Ealaíon (Dráma, Ealaín, Ceol);. Chun tacú leis an gcur agus cúiteamh agus leis an gcomhphlé i dtaobh na réimsí agus na n-ábhar curaclaim seo, díríodh eochair-chuir i láthair le baill de chuid na meithle forbartha ar ghnéithe tábhachtacha dá gcuid torthaí. Tar éis na gcur i láthair, éascaíodh comhphlé ar na téamaí seo a leanas:

- Céard iad na teachtaireachtaí a sheasann amach mar rudaí tábhachtacha nó ábhartha?
- Céard iad na príomhcheisteanna ar gá breithniú orthu agus an curaclam á fhorbairt?
- Céard iad na deiseanna agus na hathruithe féideartha ó thaobh foghlaim páistí de?
- Céard iad na himpleachtaí do mhúinteoirí a mbeadh an réimse curaclaim seo á chur i bhfeidhm acu?

Tá sintéis sa tuarascáil seo ar na nótaí a taifeadadh ó na 10 gcomhphlé mar aon le roinnt breathnuithe ginearálta a bhféadfaí breithniú orthu arís de réir mar a chuirfí forbairt na sonraíochtaí curaclaim chun cinn. Is trí mhachnaimh na ndaoine a bhí i láthair ag an gComhphlé a chuirtear na breathnuithe ginearálta sin i láthair.

## Comhphlé 1 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

Léiríodh buaireamh éigin faoin gcaoi a gcuirtear na réimsí curaclaim i láthair mar dhisciplíní ar leithligh, seachas trí chur chuige comhtháite i leith an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil (OSI), mar atá leagtha amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile*.

Fáiltíodh roimh an mbéim ar an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe agus ar úsáid an cheantair áitiúil mar thimpeallacht foghlama ina bhféadfadh páistí tabhairt faoi fhiosrúcháin agus fionnachtain. Braitheadh go mbeifear in ann, faoin gcuraclam athfhorbartha, tabhairt faoin bhfoghlaim bunaithe ar thionscadal gan a bheith srianta ag ábhair, agus cé go bhfuil réimsí scoite ann sa churaclam, gur dócha go ndéanfar naisc eatarthu laistigh den churaclam níos leithne. Braitheadh gurb ionann an cur chuige comhtháite seo agus cur chuige níos nádúrtha i leith na foghlama, go háirithe do pháistí níos óige.

Tugadh foláireamh maidir le cultúir scoile ina mbeadh an téacsleabhar i réim, rud a d'fhéadfadh cuir chuige chomhtháite i leith na foghlama a dhéanamh níos dúshlánaí agus arbh é a d'eascródh as, b'fhéidir, ná oideolaíocht nach mbeadh ag teacht leis an stíl foghlama a moladh sa chur i láthair, go háirithe an tábhacht a bhí leis an bhfoghlaim a fhréamhú sa cheantar áitiúil. Túsphointe maith le haghaidh foghlaim páistí ar feadh OSI ná go mbeadh an páiste ag díriú air féin agus ar a shaol féin, m.sh. mo stair (mo theaghlach), mo cheantar áitiúil, mo chreideamh, creideamh mo theaghlaigh, agus mar sin de.

Tugadh faoi deara gur gá eolas ábhair, eolas oideolaíochta agus muinín a bheith ag múinteoirí chun curaclam OSI athfhorbartha comhtháite a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ós rud é gur ginearálaithe iad múinteoirí bunscoile na hÉireann, braitheadh gur mór an seans go mbeadh éagsúlacht sa spéis agus sa mhuinín a bheadh ag múinteoirí in ábhair áitithe, agus go mbeadh tionchar aige seo ar an dóigh a múinfidís réimse faoi leith. I gcomhthéacs curaclam athfhorbartha, is é eolas ar inneachar—agus eolas ar inneachar comhtháite—is tábhachtaí, ionas nach leanfar de bheith ag tabhairt faoi ábhair ar leithligh.

Braitheadh go mbeadh foireann chuimsitheach uirlisí chun tacú le teagasc na dtorthaí foghlama ina ghné éigeantach, nó ina ghné bhreise, den tsonraíocht churaclaim. Ar na nithe a moladh lena gcuimsiú san fhoireann uirlisí seo, bhí:

- eiseamláirí den fhoghlaim ar bhonn fiosraithe
- deiseanna chun an uimhearthacht agus litearthacht a theagasc trí OSI
- físeáin chun an cleachtas a eiseamláiriú i suíomhanna éagsúla
- smaointe, leideanna agus ceisteanna do mhúinteoirí a d'fhéadfaidís a úsáid agus inneachar á theagasc acu
- faisnéis, tacaíochtaí agus teachtaireachtaí do thuismitheoirí chun an réasúnaíocht leis an athrú a leagan amach.

Labhair rannpháirtithe do dearfach ar an nóisean gurb ionann Creatchuraclam na Bunscoile agus síneadh ar Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Braitheadh go raibh téamaí Aistear le sonrú i réimse curaclaim an OSI, mar shampla, Féiniúlacht agus Muintearas. De bhreis air sin, leagadh béim ar oideolaíocht bunaithe ar spraoi mar rud a bhí tábhachtach d'eispéiris foghlama na bpáistí.

I dtaca leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht don OSI, braitheadh go mbeadh na briathra a roghnaíodh agus an teanga atá in úsáid buntábhachtach lena chur ar chumas múinteoirí a gcuid cur chuige oideolaíochta a chur i ngníomh sa seomra ranga. Fáiltíodh roimh an tsolúbthacht a thagann le torthaí foghlama leathana ach braitheadh go gcruthódh sé seo dúshláin do roinnt múinteoirí a dtaitníonn cuspóirí inneachair mionsonracha leo. Is dúshlán a bheidh ann na torthaí a choinneáil leathan oscailte ach ar bhealach a dtreoróidh múinteoirí chuig réimsí ina mbeidh inneachar iomchuí. Thabharfaí le tuiscint, áfach, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé, mar shampla, guth na ndaoine 'ciúnaithe, folaithe agus imeallaithe' a chuimsiú sa tsonraíocht churaclaim don OSI (rud a ndearnadh tagairt dó sa chur i láthair taighde), go bhfuil saghas contrárthachta ann idir an gá atá leis an gcuraclam a bheith sainiúil follasach ar lámh amháin, agus le neamhspleáchas a éascú don mhúinteoir, ar an lámh eile.

## Comhphlé 2: Oideachas Ealaíon – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh bhunéirim an chur i láthair taighde ar phróiseas agus táirge agus leagadh béim ar an deis chun sonraíocht Oideachas Ealaíon a fhorbairt ina mbeadh tábhacht leis an bpróiseas agus lena spreagfaí páistí le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach. Sa chomhthéacs seo, braitheadh gur cheart lárnacht ghuth an pháiste laistigh de Chreatchuraclam na Bunscoile a léiriú san Oideachas Ealaíon trí chaint agus comhrá idir múinteoirí agus páistí. Mar sin féin, rinneadh an pointe go bhfuil an 'táirge' agus an 'próiseas' beirt tábhachtach sna hEalaíona, agus go mbeadh cothromaíocht eatarthu inmhianaithe.

Ba théama athfhillteach í lárnacht an phróisis agus bhí sé seo le sonrú arís sa chomhphlé maidir le cleachtais mheasúnaithe san oideachas Ealaíon. Braitheadh go rachadh measúnú ar phróiseas agus táirge chun sochair don fhoghlaim agus teagasc. Ceanglaíodh é seo leis an tuiscint go soláthraíonn

an Creat níos mó neamhspleáchais do pháistí, rud a thacaíonn, dá réir, lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine 'uathúla inniúla'.

Braitheadh gur gá cur chuige maolaithe i leith na nEalaíon a sheachaint agus cuireadh buarthaí in iúl maidir le ham laghdaithe do na hEalaíona, rud a ndearnadh tagairt dó sa chur i láthair. Tacóidh leithdháiltí ama le múinteoirí i dtaca le tréimhsí ama a bhlocáil ach léiríodh imní go bhféadfadh sé go gcaithfí an bhlocáil ama seo ar tháirge a tháirgeadh (seó, cór) seachas béim a leagan ar an bpróiseas.

Cruthaíonn nádúr leathan na dTorthaí Foghlama níos mó solúbthachta agus neamhspleáchais don mhúinteoir ach is gá tacú le múinteoirí agus iad ag oibriú lena leithéid de Thorthaí Foghlama, óir tiocfaidh idir dheiseanna agus dhúshláin do mhúinteoirí leo.

Díríodh méid suntasach den chomhphlé ar chleachtas laistigh den chomhthéacs scoile agus leagadh béim ar neamhspleáchas na scoile (agus an mhúinteora/na múinteoirí), mar a gealladh i gCreatchuraclam na Bunscoile. Rinneadh ceangal idir an drogall a braitheadh a bhí ar mhúinteoirí glacadh le cur chuige próiseas-láraithe in áit a bheith ag díriú ar an táirge snasta deiridh agus muinín agus inniúlacht an mhúinteora sa réimse, agus le cultúr na scoile agus tionchar ceannairí scoile chomh maith. Rinneadh plé ar na dúshláin a thagann le hOideachas Ealaíon leathan comhtháite don mhúinteoir ginearálta a bhféadfadh sé nárbh ionann a chuid saineolais i ngach ceann de na trí dhisciplín Ealaíon a luadh. Tugadh le tuiscint gur chuir an cur i láthair taighde, agus, go deimhin, go gcuireann suíomh an Oideachais Ealaíon sa chreatchuraclam úr, béim bhreise ar réimsí foghlama ar féidir, cé go bhfuil an-tábhacht ag baint leo, go mbraithfeadh múinteoirí iad a bheith roghnach. Rinneadh an pointe gur gá réasúnaíocht shoiléir a bheith ann chun na healaíona a chomhtháthú sa churaclam, agus gur ghá samhail choincheapúil le haghaidh comhtháthú a bheith ann do mhúinteoirí. Moladh FGL ardchaighdeáin ar an gcomhtháthú do mhúinteoirí (mar aon le mioneolas ar an ábhar aonair) mar bhealach amháin le Curaclam na nEalaíon a chur i bhfeidhm agus stádas comhionann a bheith ag gach ábhar. Braitheadh gur ghá go bhfeicfeadh múinteoirí eiseamláirí ardchaighdeáin den oideachas ealaíon i bhfeidhm, mar aon le straitéisí chun an méid a d'fheicfidís sna heiseamláirí seo a chur i bhfeidhm.

Cé go dtagann ionstraim nádúrtha le haghaidh comhtháthú leis an Oideachas Ealaíon, léiríodh imní éigin go bhféadfadh sé, go rómhinic, go mbeadh ról tánaisteach ag ábhair Ealaíon i gcodarsnacht le réimsí ábhair eile, ar thóir an chomhtháthaithe. Bhí sé seo le sonrú trí dhá phointe buartha:

- aithníodh, cé go bhfuil comhphróiseas cruthaitheach agus scileanna inaistrithe ag baint leis an Amharc-Ealaín, an Drámaíocht agus an Ceol, go bhfuil a chuid eolais, coincheap, scileanna agus a luach intreach féin ag gach ceann acu agus gur ghá cothromaíocht a bheith ann sa tsonraíocht chun sláine na ndisciplíní Ealaíon faoi seach a chaomhnú agus, san am céanna, chun an tsaoirse a bheadh ag teastáil le haghaidh comhtháthú a éascú.
- cé gur aontaigh rannpháirtithe gurbh fhéidir, trí bheith ag tarraingt ar níos mó ná ábhar amháin, an fhoghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile a fheabhsú agus a fhorbairt tríd an gcomhtháthú, moladh go mbeifí cúramach le nach dtiocfadh ordlathas neamhbheartaithe sna hábhair Ealaíon chun cinn.

Bhí roinnt rannpháirtithe ag súil le sonraíocht úr lena bhféadfaí comhpháirtíochtaí a bhunú agus caidrimh a fhorbairt le baill den scoilphobal níos leithne. Braitheadh, trí bheith ag teacht i dtír ar na spéiseanna agus an saineolas atá ag gach ball foirne scoile, ag na tuismitheoirí agus ag baill eile

den phobal, go bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun blaiseadh a fháil ar eispéiris leathana foghlama. Tugadh le tuiscint, mar shampla, go bhféadann páistí tabhairt faoi fhoghlaim fhairsing sna hEalaíona trí eispéiris laistigh agus lasmuigh den seomra ranga araon. Rinneadh cur síos ar chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir múinteoirí ranga agus ealaíontóirí mar rudaí a bhfuil an-chuid féidearthachtaí ag baint leo do scoileanna. Rinneadh tagairt, áfach, don ghá atá lena leithéid seo de chomhpháirtíochtaí a bheith cómhalartach saibhir do gach duine a bheadh rannpháirteach agus luadh buarthaí praiticiúla ó thaobh cothromais agus neamhspleáchais de.

## Conclúid – an comhphlé painéil

Chun tacú le gach comhphlé, reáchtáladh comhphlé painéil mar ar labhair na baill den phainéal ar na cuir i láthair taighde agus ar a ról féin sa chomhphlé. Chuir painéalaithe suntas sa chosúlacht idir an fhoghlaim ar bhonn fiosraithe san OSI agus an próiseas cruthaitheach atá lárnach don Oideachas Ealaíon, agus braitheadh go raibh ról tábhachtach ag an gcosúlacht seo i dtaca le héascú an chomhtháthaithe. Is é an argóint a bhí ag painéalaí amháin gur gá an coincheap maidir le neamhspleáchas an mhúinteora, rud ar cuireadh síos dó mar luach sa Chreat, a fhorbairt agus gur gá imscrúdú a dhéanamh ar na ceapa tuisle a bhaineann leis. Is é atá ag teastáil ó thaobh an neamhspleáchais múinteora de ná struchtúr ina bhféadfaí é a fhorbairt, le nach n-éireoidh sé ‘treallach, sna cásanna is fearr’. D’fhéadfadh sé go mbeifí in ann an struchtúr seo a sholáthar trí thacar de cheisteanna bunaithe ar choincheapa a bheachtú, mar bhonn le haghaidh iniúchadh. Bhraith painéalaí eile go bhfágfadh úire spreagúil an churaclaim go mbeadh gá ann am agus spás ar fáil do mhúinteoirí le bheith ina ‘múinteoirí fiontraíochta’, mar atá, múinteoirí a théann i riosca, agus le go bhféadfaidís tabhairt faoin gcineál de chomhráite gairmiúla i gcomhpháirt le comhghleacaithe agus daoine eile a bhíonn ag teastáil chun tacú lena rannpháirteachas leis an gcuraclam. Bhí an tuairim seo ag teacht le buaireamh uileghabhálach i measc rannpháirtithe a ndearnadh taifead de sna nótaí comhphlé: an gá atá la ham leorga a bheith ar fáil do mhúinteoirí chun dul i ngleic le Creatchuraclam na Bunscoile agus le tacaí iomchuí a bheith ar fáil chun oideolaíochtaí áirithe a chur chun cinn (lena n-áirítear triail a bhaint as cuir chuige úra).

Mar fhreagairt ar cheist i dtaca leis an gcaoi a bhféadfadh an curaclam eispéiris foghlama níos fearr a éascú do pháistí, d’aontaigh an painéal gurbh ionann ‘guth agus rogha’ agus slat tomhais oiriúnach don churaclam, mar bhealach le foghlaim neamhspleách a fhí isteach i dtionscadail chomhoibritheacha. Ní réadófaí idéal na foghlama comhoibrithí, áfach, gan FGL iomchuí do mhúinteoirí mar dhaoine aonair agus mar bhaill d’fhoireann scoile. Arís eile, leagadh béim ar an ngá a bheadh le creat soiléir nó le heagraí comhtháite (thart ar roinnt téamaí leathana, b’fhéidir).

Mheas na painéalaithe gur bhain tionchar an tseiminéair le hinspreagadh na foghlama ar bhonn fiosraithe a d’eascródh as eispéireas pearsanta an pháiste; le curaclam a bheidh dúshlánach ach a bheidh dírithe ar an todhchaí agus acmhainn ann an tsamhlaíocht a ghríosú, leis an bhféidearthacht, agus muid ag dul chun cinn, gurb é an taithí a gheobhaidh páistí ná ‘an t-oideachas is fearr agus is féidir’!

Mar fhocal scoir…

Mar bhonn eolais faoi thasc na meithle forbartha don OSI agus don Oideachas Ealaíon, beidh an taighde a coimisiúnaíodh mar aon le bunéirim an tseimineáir seo: beidh inspreagadh agus dúshlán an chomhtháthaithe agus an gá atá sonraíocht a dhearadh a bheidh ag teacht le Creatchuraclam na Bunscoile, agus an riachtanas go mbeidh na páistí, mar fhoghlaimeoirí gníomhacha rannpháirteacha, lárnach don obair.

## Aguisín 1: Eagraíochtaí Leasmhara a d'fhreastail ar an seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)
An Foras Pátrúnachta
Better Start – Forbairt Cáilíocht Luathbhlianta Náisiúnta
Conradh na Gaeilge
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An Roinn Oideachais
Cigireacht na Roinne Oideachais
Ionad Oideachais Dhroim Conrach
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
Ag Foghlaim le Chéile
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
Roinn Froebel an Oideachais Luath-óige agus Bunscolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad
Coláiste Hibernia
Cumann an Baccalaureate Idirnáisiúnta
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann
Kildare Place School
Institiúid Oideachais Marino
Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Luimneach
Ollscoil Mhá Nuad
Oideachas Bunscolaíochta Moslamach
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Ionad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe
Scoil Náisiúnta Pharóiste Ráth Fearnáin
Scoil an Oideachais Ealaíon, (DCU)
Scoil Speisialta Naomh Uinsionn

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
An Chomhairle Mhúinteoireachta
Ionad Ealaíon agus Cultúrtha The Ark
An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Ollscoil na Gaillimhe

## Aguisín 2: Spreagaithisc agus Painéalaithe

- **Spreagláithreoirí Oideachas Sóisialta agus Imshaoil**

An Dr Susan Pike, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Peter Whelan, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An Dr Niamh McGuirk, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

- **Spreagláithreoirí Oideachas Ealaíon**

An tOllamh Carmel O'Sullivan, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
An Dr Elaine Clotworthy, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath
An Dr Edmund Gubbins, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath
An Dr Máire Nuinseann, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath

- **Painéalaithe**

Aisling O'Gorman (Bainisteoir na nEalaíon Cruthaitheach, Ionad Ealaíon agus Cultúrtha The Ark, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath)
Ian Packham (Príomhoide, Kildare Place School, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath)
Ann Hickey (Iarmhúinteoir agus Clárbhainisteoir Bunscolaíochta an Baccalaureate Idirnáisiúnta)
Matthew Lester (Leaschoimeádaí Seandálaíochta, Roinn Oideachais agus For-rochtana, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath)

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment